Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12169/26**
**ADD 1**

**DENLEG 83**
**FOOD 111**
**SAN 613**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 23 Iúil 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D114904/02 iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>RIALACHÁN ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh gliocóisídí steibhióil a tháirgtear go heinsímeach chun ribidióisíd M a tháirgtear trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin duilleog stevia ribidióiside A ardíonaithe (E 960c(ii)) trí úsáid á bhaint as giosta géinmhodhnaithe K. phaffii CGMCC 7539 a chur leis an Iarscríbhinn sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D114904/02 iarscríbhinn.

Faoi iamh: D114904/02 iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/2943 EN ANNEX.docx)
[Pool/E2/2025/2943/2943 EN ANNEX]
D114904/02
[…](2026) XXX draft

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**RIALACHÁN ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh gliocóisídí steibhióil a tháirgtear go heinsímeach chun ribidióisíd M a tháirgtear trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin duilleog stevia ribidióiside A ardíonaithe (E 960c(ii)) trí úsáid á bhaint as giosta géinmhodhnaithe K. phaffii CGMCC 7539 a chur leis an Iarscríbhinn sin**

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, leasaítear an iontráil a bhaineann le RIBIDIÓISÍD M A THÁIRGTEAR TRÍ THIONTÚ EINSÍMEACH A DHÉANAMH AR EASTÓSCÁIN DUILLEOG *STEVIA* RIBIDIÓISÍDE A ARDÍONAITHE E 960c(ii) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Sainmhíniú':

'

| | |
|---|---|
| **Sainmhíniú** | Ribidióisíd M a tháirgtear trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin duilleog *stevia* ribidióisíde A ardíonaithe, is gliocóisíd steibhióil é atá comhdhéanta den chuid is mó de ribidióisíd M le mionmhéideanna gliocóisídí steibhióil eile amhail ribidióisíd A, ribidióisíd B agus ribidióisíd D.<br><br>Táirgtear ribidióisíd M trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin ribidióisíde A gliocóiside steibhióil ardíonaithe (95 % gliocóisídí steibhióil) a fhaightear ó phlanda *Stevia rebaudiana Bertoni* trí úsáid a bhaint as trasfaráis UDP-glúcóisile agus einsímí siontáise siúcróise arna dtáirgeadh ag na tréithchineálacha géinmhodhnaithe de *E. coli* (pPM294, pFAF170 agus pSK401) nó de *K. phaffii* (CGMCC 7539) a éascaíonn aistriú glúcóis ó shiúcrós agus ó UDP-glúcós go gliocóisídí steibhióil trí naisc ghliocóisídeacha.<br><br>Tar éis na heinsímí a bhaint trí dheighilt sholadach-leachtach agus trí chóireáil teasa, is éard atá i gceist leis an íonú ribidióisíd M a thiúchan trí asú roisín, agus athchriostalú a dhéanamh ar na gliocóisídí steibhióil ina dhiaidh sin as a dtiocfaidh táirge deiridh ina mbeidh cion ribidióiside M nach lú ná 95 %.<br><br>Ní bhraithfear cealla inmharthana de *E. coli* (pPM294, pFAF170 agus pSK401) nó *K. phaffii* (CGMCC 7539) ná a gcuid DNA sa bhreiseán bia. |

';

(2) sa tsonraíocht 'Íonacht', cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le 'Tuaslagóir iarmharach':

'

| | |
|---|---|
| Aigéad caimhréanóch | Nach mó ná 0,3 mg/kg (arna thomhas le crómatagrafaíocht leachta-brath mais-speictriméadrachta) |

'.